



Achomhairc maidir le scoláire a ligean isteach ar chúis seachas ró-éileamh a bheith ar an scoil

Ceisteanna Coitianta

1. An féidir liom achomharc a dhéanamh má tá diúltú rollaithe faighte ag mo leanbh agus go bhfuil áiteanna ar fáil sa scoil ?

Is féidir, le halt 29 den Acht Oideachais, 1998 tá foráil d'achomharc i gcás go ndiúltaíonn bord bainistíochta, nó duine atá ag gníomhú thar ceann an bhoird bainistíochta (Príomhoide na scoile de ghnáth) cead scoláire a ligean isteach i scoil, má bhaineann cinneadh an diúltaithe le cúis seachas an scoil a bheith ró-shuibscríofa.

Tá foirmeacha iarratais achomhairc ar fáil ó láithreán gréasáin na Roinne Oideachais agus Scileanna.

Chun achomharc a dhéanamh caithfidh tú an fhoirm iarratais achomhairc ar Diúltú scoláire a ligean isteach i scoil, má bhaineann an cinneadh cead isteach a dhiúltú le cúiseanna seachas an scoil a bheith ró-shuibscríofa, agus tá an fhoirm ar fáil ó láithreán gréasáin na Roinne Oideachais agus Scileanna.

2. Cathain a dhéanaim achomharc?

Féadfaidh tú, ach ní gá duit, athbhreithniú a éileamh ar dtús ó bhord bhainistíochta na scoile nó mar mhalairt air sin is féidir leat dul go díreach chuig achomharc le coiste achomhairc neamhspleách.

Má bhíonn athbhreithniú á éileamh ón mbord bainistíochta, caithfear an t-iarratas a dhéanamh i scríbhinn chuig bord bainistíochta na scoile laistigh de 21 lá féilire ó dháta an chinnidh cead isteach sa scoil a dhiúltú.

Má táthar ag dul ar aghaidh go díreach le hachomharc chuig coiste achomhairc neamhspleách, caithfear an t-iarratas seo a dhéanamh i scríbhinn ar Fhoirm Achomhairc Alt 29 ag am ar bith tar éis an cinneadh ligean isteach sa scoil a dhiúltú ach laistigh de 63 lá ó dháta an chinnidh ligean isteach a dhiúltú.

3. Conas mar a éilim athbhreithniú ón mbord bainistíochta?

Is féidir athbhreithniú a iarraidh i scríbhinn nó Foirm Athbhreithnithe Scoile (ar féidir í a [íoslódáil ó láithreán gréasáin na Roinne](#)) a chomhlánú go hiomlán agus a chur isteach chun tús a chur leis an gcéim seo den phróiseas. **Tabhair aird - caithfear an fhoirm seo a sheoladh chuig bord bainistíochta na scoile.**

Caithfidh d'iarratas ar athbhreithniú chuig an mbord bainistíochta:



- (i) A bheith bunaithe ar chur i bhfeidhm bheartas ligean isteach na scoile agus an t-ábhar atá i bhfógra ligean isteach bliantúil na scoile agus
- (ii) Na forais a bhaineann leis an éileamh ar athbhreithniú a bheith leagtha amach.

4. Cad a tharlaíonn ag Athbhreithniú an Bhoird Bhainistíochta?

Déanfaidh an bord bainistíochta athbhreithniú ar d'iarratas ligean isteach agus, ar a dhéanaí laistigh den 42 lá féilire ó dháta an chinnidh ligean isteach chun na scoile a dhiúltú, eiseoidh an bord bainistíochta:

- (a) Ráiteas ag deimhniú nach raibh aon earráid nó teip ina chinneadh rollú a dhiúltú nó
- (b) Ráiteas ag deimhniú go raibh earráid nó teip ina chinneadh agus an raibh éifeacht ábhartha ag an mbotún sin ar thoradh d'iarratais

Má tharlaíonn go n-eisíonn an bord bainistíochta ráiteas ag (b) thuas, agus go raibh éifeacht ábhartha ag an mainneachtain nó an earráid atá i gceist ar thoradh an iarratais ligean isteach, caithfidh an bord a earráid nó a mhainneachtain a cheartú tríd an scoláire a ligean isteach sa scoil nó sa rang speisialta, más cuí.

5. Cad a tharlaíonn tar éis dom toradh an Athbhreithnithe ag an mbord bainistíochta a fháil?

Tar éis an athbhreithnithe ón mbord bainistíochta féadfaidh tú, más mian leat, achomharc a dhéanamh chuig coiste achomhairc neamhspleách atá ceaptha ag an Aire Oideachais agus Scileanna. Caithfear an t-achomharc seo a dhéanamh laistigh de 63 lá féilire ó dháta an chinnidh ligean isteach sa scoil a dhiúltú. **Tabhair aird** - tagraíonn sé seo do dháta an chinnidh rollú a dhiúltú agus ní do dháta eisiúna thoradh an athbhreithnithe.

Caithfidh tú an fhoirm iarratais, atá ar fáil ar ár láithreán gréasáin ag an nasc seo a leanas, a chomhlánú agus í a sheoladh chuig an seoladh ar an bhfoirm. Caithfear iad seo a leanas a chur isteach le d'fhoirm iarratais:

- (i) Cóip de d'iarratas bunaidh ar chead ligean isteach sa scoil agus aon doiciméid a chuir tú isteach le d'iarratas
- (ii) Cóip den chinneadh a fuair tú i dtosach ón scoil
- (iii) Cóip d'aon fhreagairt ón mbord bainistíochta ar d'iarratas ar a chinneadh a athbhreithniú, má roghnaigh tú a leithéid d'athbhreithniú a éileamh.

6. Cad é an próiseas a bhaineann le hachomharc?

Nuair a bhíonn d'fhoirm iarratais agus na doiciméid ábhartha faighte, déanfaidh aonad riaracháin achomhairc alt 29 teagmháil leat le dáta don éisteacht ó bhéal ar d'achomharc. De ghnáth beidh sé seo laistigh de 21 lá féilire ón dáta a fhaightear an fhoirm iarratais



achomhairc lán-chomhlánaithe. Cuirfear fógra freisin chuig an scoil atá i gceist ag cur in iúl dóibh faoin achomharc agus dáta na héisteachta. Iarrfar ar an dá pháirtí san achomharc (an t-achomharcóir agus an scoil) aon eolas breise a d'fhéadfadh a bheith ábhartha don achomharc a chur isteach, lena n-áirítear ainmneacha na ndaoine a fhreastalóidh ar an achomharc, faoi dháta a bheidh luaite, de ghnáth 12 lá roimh an éisteacht.

Déanfar aon eolas a fhaightear a roinnt le dhá pháirtí an achomhairc agus leis an gcoiste éisteachta 3 dhuine, ar a laghad 3 lá sula dtarlaíonn an éisteacht.

Déanfaidh Coiste Achomhairc trí dhuine, arna cheapadh ag an Aire, an t-achomharc a bhreithniú, agus ceapfar duine de bhaill an choiste mar Chathaoirleach ar an gCoiste Achomhairc .

7. Cé a dhéanfaidh m'achomharc a éisteacht?

Ceapann an tAire Oideachais agus Scileanna baill an choiste achomhairc ach tá an coiste achomhairc neamhspleách ar an Roinn Oideachais & Scileanna.

Cuimsíonn painéal na gceapaithe daoine le taithí agus eolas ar earnáil an oideachais.

8. Cé hiad na daoine a bhfuil cead acu freastal ar éisteacht achomhairc ?

Féadfaidh na tuismitheoirí agus an scoláire, má tá an scoláire os cionn 18 mbliana d'aois, freastal ar an éisteacht. Féadfaidh beirt bhall den bhord bainistíochta freastal thar ceann na scoile, nó ball amháin den bhord bainistíochta agus príomhoide na scoile. Ina theannta sin, is féidir le beirt eile a bheith in éineacht le gach páirtí ag an éisteacht. Féadfaidh an Oifigeach Leasa Oideachais agus an Eagraí Riachtanas Oideachais Speisialta a bheith i láthair freisin. Ní féidir le haon duine a bheidh in éineacht le ceachtar páirtí san achomharc ráitis a dhéanamh ag an éisteacht mura dtugann coiste achomhairc alt 29 cead dóibh a leithéid a dhéanamh.

Mar aon leis sin, féadfaidh coiste achomhairc alt 29 cuireadh a thabhairt do dhaoine a bhfuil an saineolas ábhartha acu freastal agus ráitis a dhéanamh ag an éisteacht.

Cuirfear ainmneacha na ndaoine a bheidh i láthair ag an éisteacht in iúl do gach páirtí roimh an éisteacht.

9. Cén leagan amach a bheidh ar an éisteacht achomhairc?

Osclóidh Cathaoirleach an choiste achomhairc an éisteacht achomhairc trí na daoine a bheidh i láthair a chur in aithne agus cur síos a dhéanamh ar an ord inar féidir le gach páirtí san achomharc a c(h)ás a chur i láthair.



Beidh cead ag an dá pháirtí san achomharc a gcás a chur i láthair agus beidh ceart freagartha acu maidir leis an ábhar atá faoi achomharc.

Féadfaidh baill choiste achomhairc alt 29 an dá pháirtí san achomharc agus aon lucht freastail eile ag an éisteacht a cheistiú.

Féadfaidh an tOifigeach Leasa Oideachais agus/nó an Eagraí Riachtanas Oideachais Speisialta aighneachtaí a dhéanamh ag an éisteacht freisin.

Déantar éisteachtaí a reachtáil lena laghad foirmiúlachta agus is féidir ach comhréireach le héisteacht chóir a thabhairt do gach páirtí san achomharc.

Nuair a bhíonn an éisteacht thart, déanfaidh an coiste achomhairc an t-achomharc a mheas agus a chinneadh agus cuirfear an tAire ar an eolas faoina réamhchinneadh ar an achomharc atá i gceist agus na cúiseanna a bhaineann leis an gcinneadh sin. Déanfar an réamhchinneadh sin agus na cúiseanna a chur in iúl don dá pháirtí san achomharc, agus don Ghníomhaireacht Leanaí agus Teaghlaigh agus don Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta, má chuir na gníomhaireachtaí sin aighneachtaí faoi bhráid na héisteachta.

Beidh deis agat tuairimí a léiriú ar an réamhchinneadh agus caithfear é sin a dhéanamh i scríbhinn laistigh de 7 lá féilire ó dháta an réamhchinnidh.

Cuirfear aon tuairimí a bhíonn faighte laistigh den tréimhse 7 lá ar aghaidh chuig an gcoiste achomhairc agus ansin déanfaidh an coiste a chinneadh deiridh ar an achomharc.

Cuirfear an cinneadh deiridh in iúl don Aire agus cuirfear é ansin chuig dhá pháirt an achomhairc.

10. Cé na torthaí a d'fhéadfadh teacht ón achomharc?

Déanfaidh an coiste achomhairc cinneadh

- (a) an t-achomharc a cheadú nó
- (b) gan an t-achomharc a cheadú.

Má cheadaíonn an coiste an t-achomharc, treoróidh sé don bhord bainistíochta an scoláire a ligean isteach nó rangú an scoláire ar an liosta feithimh a choigeartú, cibé acu is cuí. Cuirfear toradh an achomhairc, lena n-áirítear na cúiseanna a bhaineann le cinneadh an choiste achomhairc, in iúl do dhá pháirtí an achomhairc, a luaithe is féidir tar éis na héisteachta achomhairc. Cuirfear cóip den chinneadh chuig an Gníomhaireacht Leanaí agus Teaghlaigh freisin.



11. Cad a tharlaíonn mura gceadaítear m'achomharc?

Is é Seirbhísí Tacaíochta Oideachais Tusla (TESS) an comhlacht dlí a chabhraíonn le tuismitheoirí a bhfuil deacrachtaí acu áit scoile a fháil dá leanbh. Is féidir sonraí faoi d'oifig réigiúnach áitiúil a fháil ag <https://www.tusla.ie/tess/get-in-touch/>

Ceisteanna ginearálta maidir le cead isteach agus an próiseas achomhairc

12. Conas mar is féidir liom eolas a fháil faoi bheartas agus faoi phróisis iontrála na scoile?

In Alt 63 den Acht Oideachais 1998, ceanglaítear ar gach bord bainistíochta Fógra Ligean Isteach a ullmhú agus a fhoilsiú gach bliain. Caithfear an fógra seo a fhoilsiú ar láithreán gréasáin na scoile ar a laghad seachtain sula dtosaíonn an scoil a próiseas iontrála bliantúil.

Caithfidh an fógra mionsonraí a sholáthar faoin tslí inar féidir cóip de bheartas iontrála na scoile agus an fhoirm iarratais ar ligean isteach a fháil.

Caithfidh an fógra an t-eolas seo a leanas a sholáthar maidir leis an bpróiseas ligean isteach do ghrúpa iontrála na scoile don scoilbhliain atá i gceist:

- An dáta ina dtosóidh agus ina gcríochnóidh an scoil ag glacadh le hiarratais ar ligean isteach sa scoil don scoilbhliain atá i gceist (caithfear tréimhse 3 seachtaine ar a laghad a bheith ann)
- An dáta a chuirfear in iúl don iarratasóir faoin gcinneadh maidir leis an iarratas (caithfidh sé seo a bheith laistigh de 3 seachtaine ón spriocdháta, nó laistigh de 3 sheachtain ó dháta an iarratais, d'iarratais dhéanacha)
- An dáta/tréimhse faoina ndeimhneoidh an t-iarratasóir glacadh leis an tairiscint ar ligean isteach
- Féadfar an tairiscint sin a tharraingt siar mura nglacann an t-iarratasóir leis an tairiscint ar ligean isteach laistigh den tréimhse ama atá leagtha amach
- Maidir leis an scoilbhliain atá i gceist-
 - An líon áiteanna scoile atá ar fáil sa ghrúpa iontrála,
 - I gcás scoil chónaithe, an líon áiteanna cónaithe agus an líon áiteanna neamhchónaithe atá ar fáil
 - I gcás scoile le rang speisialta, an líon áiteanna scoile atá ar fáil sa rang speisialta atá i gceist
- I gás scoile ina raibh an grúpa iontrála nó an rang speisialta ró-shuibscríofa sa bhliain roimh ré, caithfidh an fógra ar ligean isteach ráiteas a bheith san áireamh a thugann le fios líon na n-iarratas a fuarthas agus líon agus ord na dtairiscintí a rinneadh sa scoilbhliain sin maidir le gach ceann de chritéir roghnúcháin na scoile



- I gcás scoile ina bhfuil tairiscintí déanta agus glactha don scoilbhliain atá i gceist, sula dtugtar tús feidhme d'alt 62 (is é sin, roimh 1 Feabhra 2020), is cóir don scoil an líon áiteanna dá leithéid a tairgeadh agus a glacadh a chur in iúl.

Tá Ceisteanna Coitianta breise maidir leis an Acht um Oideachas (Ligean isteach i Scoileanna) 2018 ar fáil ar láithreán gréasáin na Roinne ag an nasc seo a leanas:
<https://www.education.ie/ga/Tuismitheoir%C3%AD/Eolas/Roll%C3%BA-Scoile/Ligean-isteach-CC.pdf>

13. An féidir liom m'achomharc a tharraingt siar?

Sea, is féidir leat d'achomharc a tharraingt siar am ar bith le linn an phróisis trí ríomhphost a chur chuig section29@education.gov.ie